
Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

**1**

Oscail an aip Instagram ar do ghuthán. Má mheasann tú go bhféadfadh an t-ábhar i bpostáil a bheith ag sárú an dlí, tapáil na **trí phonc** ag barr an scáileáin sa choirnéal ar dheis agus ansin tapáil **Tuairiscigh**.





**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar Instagram, mar a bhí i mí na Nollag 2025, a thuiscint. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar Instagram athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 2

Nuair a bhuaileann tú **Tuairiscigh**, feicfidh tú scáileán ar a bhfiafrófar díot **Cén fáth a bhfuil tú ag tuairisciú na postála seo?** Feicfidh tú roghchlár agus liosta roghanna. Scrolláil síos tríd an roghchlár seo agus, má chreideann tú go sáraíonn an t-ábhar an dlí, tapáil an rogha a deir **Tuairiscigh mar mhídhleathach** ag bun an scáileáin.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 3

Ar an gcéad scáileán eile, iarrfar ort an cineál ábhar mídhleathach ar mhaith leat tuairisc a thabhairt air a mhíniú agus feicfidh tú liosta roghanna. Cliceáil ar an rogha is fearr a oireann do do thuairisc nó, mura bhfuil tú cinnte, cliceáil ar **Tá an t-ábhar mídhleathach ar chúis eile**.



Coimisiún na Meán


# An Chaoi le hÁbhar Mídhleathach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

**4**

Chomh luath is a phiocann tú an rogha seo, treorófar thú chuig foirm **Iarratas ar dhíothú dlíthiúil** mar a n-iarrfar ort roinnt réimsí a líonadh isteach, lena n-áirítear an tír arb as duit agus URLanna an ábhair ba mhaith leat a thuairisciú. Iarrfar ort freisin a dhearbhú go bhfuil an tuairisc seo á dhéanamh agat de mheon macánta. Chomh luath is a dhéanann tú síniú leictreonach, tá do thuairisc curtha isteach agat.

**5**

Tar éis athbhreithniú Instagram, ba cheart go bhfaighfeá fógra faoin toradh agus faoi ghníomh ar bith a rinneadh maidir leis an ábhar a tuairiscíodh, mar aon le **roghanna maidir le hachomharc**. Ag brath ar an toradh, b'fhéidir go gcinnfeadh Instagram nach dteastaíonn aon ghníomh eile, nó b'fhéidir go gcinnfeadh sé gurbh iomchuí an t-ábhar a **shrianadh** nó a **bhaint**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 1

Má fheiceann tú ábhar ar Instagram a mheasann tú go bhfuildíobhálach nó a sháraíonn, dar leat, a chuid **Caighdeán Pobail** nó rialacha agus ar mhaith leat é a thuairisciú, tá próiseas den chineál céanna i gceist. Ag barr na postála ba mhaith leat a thuairisciú, ar thaobh na láimhe deise, cliceáil ar na **trí phonc** nó an comhartha focalbhá. Arís eile, feicfidh tú liosta roghanna, lena n-áirítear rogha **Tuairiscigh**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 2

Nuair a chliceálann tú ar **Tuairiscigh**, feicfidh tú scáileán ar a bhfiafrófar díot **Cén fáth a bhfuil tuairisc á tabhairt agat ar an bpostáil seo?** Iarrfar ort cúis le do thuairisc a roghnú. Is ionann an roghchlár seo agus Caighdeáin Phobail Instagram.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

**3**

Ag brath ar an rogha a dhéanann tú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí ceisteanna leantacha ort. Anseo, tá **foréigean, fuath nó dúshaothrú** á thuairisciú againn.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

4

Chomh luath is a bheidh na ceisteanna seo freagartha agat, gheobhaidh tú achoimre ar do **thuairisc lena athbhreithniú** roimh duit **Cuir isteach** a chliceáil.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 5

Chomh luath is a chliceálann tú **Cuir isteach**, gheobhaidh tú uathfhreagairt lena ndearbhófar go bhfuil do thuairisc faighte ag an ardán, agus lena sonrófar **gníomhartha eile** is féidir leat a dhéanamh agus tú ag fanacht le toradh do thuairisce.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 6


Tar éis athbhreithniú Instagram, ba cheart go bhfaighfeá fógra faoin toradh agus faoi ghníomh ar bith a rinneadh maidir leis an ábhar a tuairiscíodh, mar aon le **roghanna maidir le hachomharc.** Cuirfidh an fógra in iúl duit go bhfuil do **iarratas ar thacaíocht** tar éis nuashonrú. Má chliceálann tú ar an deilbhín (i) ar an taobh clé den fhógra, tabharfar chuig scáileán thú ar a bhfeicfidh tú an cinneadh a rinneadh maidir le do thuairisc.





Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

Ag brath ar an toradh, b’fhéidir go gcinnfeadh Instagram nach dteastaíonn aon ghníomh eile, nó b’fhéidir go gcinnfeadh sé gurbh iomchuí an t-ábhar a **shrianadh** nó **a bhaint**.




Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 7

Más mian leat stádas do chuid tuairiscí i bh**fillteán na nIarratas ar Thacaíocht** agat a fheiceáil am ar bith, is féidir dul chuig an **rannán Cabhrach (Cabhair)** ar an bpríomhleathanach socruithe. Leis seo a dhéanamh, is gá cliceáil ar do phróifíl ag bun an leathanaigh ar dheis agus ansin cliceáil ar na trí líne chothrománacha a fheiceann tú ag an mbarr ar dheis.








Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 8

Beidh ort scrolláil síos go dtí go bhfeicfidh tú **Cabhair**. Má chliceálann tú air seo, feicfidh tú liosta eile roghanna. Cliceáil ar **Iarratais ar Thacaíocht**.








Coimisiún na Meán

# An Chaoi le hÁbhar Díobhálach a Thuairisciú i bPoist ar Aip Instagram

## 9

Ar an gcéad scáileán eile, roghnaigh **Tuairiscí** agus feicfidh tú liosta de na tuairiscí go léir a rinne tú mar gheall ar phostálacha eile ar Instagram. Aon áit a ndeir sé **Sáruithe**, feicfidh tú tuairiscí a rinne daoine eile mar gheall ortsa ach ní bheidh a fhios agat cé a rinne iad. Má chliceálann tú ar gach tuairisc, feicfidh tú an toradh a bhí léi.



# Naisc chuig Acmhainní Breise

**Séanadh:** Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar Instagram, mar a bhí i mí na Nollag 2025, a thuiscint. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. Ó am go ham, d'fhéadfadh modhanna tuairiscithe ar Instagram athrú agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

## Acmhainní Instagram

- Conas ábhar a thuairisciú ar Instagram: **help.instagram.com/2922067214679225/?helpref=related_articles**
- Conas ábhar mídhleathach a thuairisciú ar Instagram: **help.instagram.com/874680996209917/?helpref=hc_fnav**
- Caighdeáin Phobail Instagram: **transparency.meta.com/policies/community-standards**

## Acmhainní Choimisiún na Meán

- Le haghaidh tábla cabhrach ar na dlíthe in Éirinn, tabhair cuairt ar **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/sabhailteacht-ar-line/ceard-is-abhar-midhleathach-ann**
- Féach ár gcuid treoracha eile ag **www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni**